Department of
Education
www.deni.gov.uk
AN ROINN
Oideachais
MÀNNYSTRIE O
Lear

INVESTOR IN PEOPLE

Department of
Health, Social Services
and Public Safety
www.dhsspsni.gov.uk
AN ROINN
Sláinte, Seirbhísí Sóisialta
agus Sábháilteachta Poiblí
MÀNNYSTRIE O
Poustie, Resydènter Heisin
an Fowk Siccar

COMHIONANNAS AGUS CEARTA DAONNA TEIMPLÉAD SCAGTHA

BEARTAS UM BIA I SCOILEANNA

An tAonad Comhionannais Treoir agus Comhordaithe
Seomra G2, Teach Ráth Gael
Fo-líne 59686/59472
equality@deni.gov.uk

TEIMPLÉID SCAGTHA

Féach Nótaí Treorach an Teimpléid Scagtha chun tuilleadh eolais a fháil ar 'cén fáth' 'céard', 'cén uair' agus 'cé' i leith scagtha, chun faisnéis a fháil faoin gcúlra maidir leis an reachtaíocht cuí agus chun cabhair a fháil ag freagairt na ceisteanna ar an teimpléad seo (lean na naisc).

(1) FAISNÉIS FAOIN mBEARTAS/CINNEADH

1.1 Teideal an bheartais/chinnidh

Beartas um Bia i Scoileanna

1.2 Cur síos ar bheartas/cinneadh

- céard atá sé ag iarraidh a bhaint amach? (aidhmeanna/ cuspóirí)
- cén chaoi a mbainfear é seo amach? (gnéithe lárnacha)
- céard iad na srianta lárnacha? (m.sh. airgeadais, reachtúla)

Céard atá sé ag iarraidh a bhaint amach?

Leagann an beartas um Bhia i Scoileanna amach aidhmeanna agus cuspóirí foriomlána an Fheidhmeannais maidir le bia i scoileanna agus déanann sé cur síos ar réimse straitéisí agus pleananna atá á gcur i bhfeidhm chun cothú níos fearr a sholáthar do pháistí scoile.

Tá sé mar aidhm aige a chinntiú go bhfuil bia ón gcúig ghrúpa bia ar fáil i mbia scoile; go gcuireann sé go suntasach le cothú don óige agus go gcuireann sé ar chumas leanaí na scileanna agus an fhaisnéis riachtanach a fhorbairt chun roghanna bia sláintiúla a dhéanamh ar scoil agus sa bhaile.

Cén chaoi a mbainfear é seo amach?

Cuirfidh na Boird Oideachais agus Leabharlann agus Boird Gobharnóirí scoileanna gramadaí agus scoileanna imeasctha faoi chothabháil stáit béilí scoile ar fáil a chloíonn leis na Caighdeáin Chothaithe. Cinnteoidh scoileanna nach gcuireann foinsí eile bia (m.sh. meaisíní díola) ach roghanna sláintiúla ar fáil. Tabharfar eolas do thuismitheoirí faoi conas lón sláintiúil a chur ar fáil.

Céard iad na srianta lárnacha?

Teastaíonn cistiú cuí chun a chinntiú gur féidir na sraitheanna éagsúla beartais a sheachadadh.

1.3 Na príomh-pháirtithe leasmhara a mbeidh tionchar orthu (m.sh. foireann oibre, úsáideoirí seirbhíse faoi láthair nó úsáideoirí féideartha, eagraíochtaí eile san earnáil phoiblí, grúpaí deonacha agus pobail, ceardchumainn/eagraíochtaí gairmiúla nó eagraíochtaí san earnáil phríobháideach)

Daltaí scoile, tuismitheoirí, foireann lónadóireachta, foireann múinteoireachta, Boird Gobharnóirí.

1.4 Cé atá freagrach as an mbeartas (a) a cheapadh agus (b) a sheachadadh i.e. an í an Roinn Oideachais, roinn Whitehall, an AE srl. atá i gceist

- Céard é an caidreamh?
- An ndearna siad measúnú ar an saincheist seo, nó ar shaincheisteanna comhionannais ar bith?

Tá an beartas seo ceaptha i gcomhar lena chéile ag an Roinn Oideachais agus an Roinn Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteachta Poiblí (RSSSSP), atá freagrach as a chur i bhfeidhm i gcomhar lena CNRP (Comhlachtaí Neamhrannacha Poiblí) agus údaráis scoile srl. Tá gnéithe comhionannais tógtha san áireamh agus an beartas seo á cheapadh.

1.5 Beartais/cinntí eile a bhfuil tionchar acu ar an mbeartas/cinneadh seo

- céard iad?
- cé leis iad?
- An bhfuil aon naisc ann le haon roinn/chomhlacht neamhrannach poiblí (CNRP) eile de chuid Thuaisceart Éireann

DHSSPS Investing for Health Strategy

DHSSPS Fit Futures Implementation Plan

DE Policy on New Nutritional Standards for School Lunches and Other Food in Schools

DE Proposed Healthy Schools Policy

(2) SCAGADH AN BHEARTAIS/CHINNIDH

2.1 Maidir le grúpálacha faoi Alt 75, cén comhdhéanamh atá acu siúd a bhfuil tionchar ag an mbeartas/cinneadh orthu?

Grúpa	Tabhair sonraí le do thoil
Inscne	Leanaí scoile fireanna agus baineanna
Aois	Leanaí faoi 18; Daoine 18-65 bliana d'aois
Creideamh	Gach Duine
Tuairimí Polaitiúla	Gach Duine
Stádas Pósta	Gach Duine
Stádas Cleithiúnachais	Daoine ar a bhfuil an phríomhfhreagracht maidir le cúram do leanbh agus/nó do dhuine faoi mhíchumas
Míchumas	Leanaí faoi mhíchumas
Eitneachas	Gach Duine
Claonadh Gnéis	Gach Duine

2.2 An bhfuil aon léiriú ann, nó aon fhianaise, go bhfuil rannpháirtíocht nó glacadh níos airde nó níos ísle ag grúpaí éagsúla?

Grúpa	Tá/Níl/ Ní Fios	Tabhair sonraí le do thoil
Inscne	Níl	
Aois	Tá	Is cosúil ó fhianaise starógach go mbíonn claonadh ag daltaí roghanna eile seachas an tseirbhís béilí scoile a lorg nuair a éiríonn siad níos sine, m.sh. lón pacáilte, lónadóirí seachtracha srl.
Creideamh	Tá	Léiríonn fianaise ón Áireamh Béilí Scoile bliantúil agus ó shuirbhé acmhainní teaghlaigh 2002/03 go bhfuil comhréir níos airde de Phrotastúnaigh incháilithe nach gcuireann isteach ar bhéilí scoile saor in aisce ná de Chaitlicigh incháilithe. Tá an Roinn Oideachais ag tabhairt faoi seo trí na Boird Oideachais agus Leabharlainne (BOL) atá ag glacadh céimeanna chun iad siúd atá i dteideal béilí saor in aisce a spreagadh chun a dteidlíocht a ghlacadh. D'fhéadfadh sé go bhfuil grúpaí creidimh áirithe le riachtanais chothaithe éagsúla nach dóigh leo go bhfreastalaíonn an tseirbhís béilí scoile ar a gcuid riachtanais.
Tuairimí Polaitiúla	Níl	
Stádas Pósta	Níl	
Stádas Cleithiúnachais	Níl	
Míchumas	Níl	
Eitneachas	Tá	D'fhéadfadh sé go bhfuil grúpaí eitneacha áirithe le riachtanais chothaithe éagsúla nach dóigh leo go bhfreastalaíonn an tseirbhís béilí scoile ar a gcuid riachtanais.
Claonadh Gnéis	Níl	

2.3 An bhfuil aon léiriú nó aon fhianaise ann go bhfuil riachtanais, taithí, saincheisteanna agus tosaíochtaí éagsúla ag grúpaí éagsúla maidir leis an tsaincheist áirithe den bheartas?

Grúpa	Tá/Níl/ Ní Fios	Tabhair sonraí le do thoil
Inscne	Níl	
Aois	Tá	Tógann an tseirbhís béilí scoile aois an dalta san áireamh i.e. teastaíonn cuid níos lú ó dhaltaí níos óige srl.
Creideamh	Tá	D'fhéadfadh grúpaí eitneacha áirithe riachtanais chothaithe éagsúla a bheith acu mar gheall ar rialacha bia agus deasghnátha ar leith ach tá BOL tar éis a dhearbhú gur féidir leo freastal air seo.
Tuairimí Polaitiúla	Níl	
Stádas Pósta	Níl	
Stádas Cleithiúnachais	Níl	
Míchumas	Tá	Is minic go mbeidh gá ag daltaí faoi mhíchumas le haistí bia speisialta, agus freastalóidh BOL air seo.
Eitneachas	Tá	Is féidir le grúpaí eitneacha áirithe riachtanais chothaithe éagsúla a bheith acu mar gheall ar rialacha bia agus deasghnátha ar leith ach tá BOL tar éis a dhearbhú gur féidir leo freastal air seo.
Claonadh Gnéis	Níl	

2.4 An dóigh go gcomhlánfaidh an beartas/cinneadh seo na riachtanais seo?

Grúpa	Tá/Níl/ Ní Fios	Tabhair sonraí le do thoil
Aois	Tá	Tógann an tseirbhís béilí scoile aois an dalta san áireamh
Creideamh	Tá	Freastalaíonn an tseirbhís béilí scoile ar riachtanais chothaithe mar gheall ar chreideamh.
Míchumas	Tá	Freastalaíonn an tseirbhís béilí scoile ar leanaí a bhfuil aiste bia speisialta acu.
Eitneachas	Tá	Freastalaíonn an tseirbhís béilí scoile ar riachtanais chothaithe mhionlaigh eitneacha.

2.5 Cén t-aiseolas, gearáin, staitisticí, suirbhéanna, tuairiscí taighde, comhairliúcháin nó faisnéis bhreise atá ar fáil chun measúnú agus scagadh a dhéanamh ar thionchar an bheartais/na feidhme seo.

Tá fáil ar fhaisnéis a bhaineann le tógáil bhéilí scoile ón Áireamh Béilí Scoile bliantúil agus ó thorthaí staitistiúla eile atá curtha ar fáil ag BOL agus ag údaráis scoile eile. Ina theannta sin, cuireann an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna aiseolas ar fáil ar thorthaí a cigireachtaí maidir le cur chuige ginearálta scoileanna ó thaobh bia sláintiúil a chur chun cinn.

Chuaigh an Roinn i mbun comhairle maidir le tabhairt isteach chaighdeáin cothaithe bhéilí scoile in 2002/02 agus arís in 2006, agus chlúdaigh an tionscnamh is déanaí sin bia eile i scoileanna freisin.

Bhí an fhreagairt ar an dá chomhairliúchán dearfach den chuid is mó le tacaíocht forleathan do thabhairt isteach na gcaighdeán. Bhain na saincheisteanna is mó a ardaíodh le fostú fhoireann lónadóireachta i gcás laghdú ar líon na mbéilí agus cistiú chun tacú leis an tionscnamh. Díríodh aird freisin ar an ioncam a bhailíonn siopaí milseán agus meaisíní díola do scoileanna.

2.6 An bhfuil deis ann chun comhionannas deiseanna níos fearr nó caidreamh níos fearr a chur chun cinn trí athrú a dhéanamh ar an mbeartas/cinneadh nó trí oibriú le daoine sa rialtas nó sa phobal níos leithne?

Grúpa	Moltaí
N/B	
Tabhair faoi deara: lean ar aghaidh mar is cuí	

2.7 Céard iad na hathruithe a dhéanfá ar an mbeartas/cinneadh –más ann dóibh – nó céard iad na bearta breise a mholfá chun a chinntiú go gcuireann sé deachaidrimh chun cinn?

Grúpa	Moltaí
Creideamh	Tá sé i gceist go mbeadh an beartas um Bia i Scoileanna cuimsitheach agus go dtacódh sé le deachaidrimh agus go gcuirfeadh sé deachaidrimh chun cinn.
Tuairimí Polaitiúla	Tá sé i gceist go mbeadh an beartas um Bia i Scoileanna cuimsitheach agus go dtacódh sé le deachaidrimh agus go gcuirfeadh sé deachaidrimh chun cinn.
Eitneachas	Tá sé i gceist go mbeadh an beartas um Bia i Scoileanna cuimsitheach agus go dtacódh sé le deachaidrimh agus go gcuirfeadh sé deachaidrimh chun cinn.

2.8 An bhfuil aon fhianaise, nó an bhfuil comhairliúcháin le grúpaí, le heagraíochtaí nó le daoine aonair ábhartha tar éis a chur in iúl go bhfuil fadhbanna, atá sainiúil dóibhsean, á gcruthú ag beartais áirithe?

Inscne - Tá ceardchumainn tar éis a chur in iúl go mbeadh tionchar diúltach ag ciorruithe ar an tseirbhís béilí scoile ar fhostaíocht mhná os rud é gur mná is mó atá san fhoireann lónadóireachta. Tá an Roinn Oideachais tar éis é seo a thógáil san áireamh trí chur chuige céimithe, tomhaiste a ghlacadh maidir le tabhairt isteach na gcaighdeán chothaithe nua chun go mbeidh an deis ag daltaí dul i gcleachtadh air agus chun an dóchúlacht go dtiocfaidh laghdú ar an líon a ghlacann leis a laghdú.

Aois – Bhí roinnt freagróirí do chomhairliúchán na Roinne ar thabhairt isteach chaighdeáin chothaithe nua do bhéilí scoile a chur in iúl gur chóir go mbeadh an deis ag daltaí sinsearacha a roghanna féin a dhéanamh maidir le roghanna sláintiúla mar chuid den phróiseas aibíochta seachas na srianta céanna a bheith orthu leis na leanaí níos óige. Ní dóigh leis an Roinn Oideachais go mbeidh sé oiriúnach 'dispeansáid' den chineál seo a chur i bhfeidhm maidir le bia i scoileanna os rud é go bhfuil ról dearfach le himirt ag daltaí níos sine trí dheashampla a thabhairt do leanaí níos óige.

2.9 Déan cur síos ar na sonraí a bhaileoidh tú sa todhchaí chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeacht an bheartais/chinnidh ar aon cheann de na grúpaí faoi Alt 75?

Tá faisnéis a bhaineann le tógáil bhéilí scoile bailithe ón Áireamh Béilí Scoile bliantúil agus ó thorthaí staitistiúla eile atá curtha ar fáil ag BOL agus ag údaráis scoile eile. Ina theannta sin, cuireann an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna aiseolas ar fáil ar thorthaí a cigireachtaí maidir le cur chuige ginearálta scoileanna ó thaobh bia sláintiúil a chur chun cinn.

(3) AR CHÓIR DON BHEARTAS/CHINNEADH A BHEITH FAOI RÉIR MEASÚNACHTA TIONCHAIR CHOMHIONANNAIS?

Tá nósanna imeachta measúnachta tionchair chomhionannais teoranta do na beartais/cinntí go meastar go mbeidh impleachtaí suntasacha/tromchúiseacha acu ar chomhionannas deiseanna.

Má tá do scagadh tar éis a léiriú gur dóigh go mbeidh tionchar éagsúil diúltach ag beartas/cinneadh, conas an ndéanfá rangnú air?

Ticeáil le do thoil.

Tionchar suntasach/tromchúiseach	
Tionchar íseal	✓

An dóigh leat gur gá measúnacht iomlán tionchair chomhionannais a dhéanamh ar an mbeartas/cinneadh seo?

Is dóigh	
Ní dóigh	✓

Tabhair cúiseanna le do chinneadh.

Ba chóir go mbeadh tionchar dearfach ag an mbeartas um Bia i Scoileanna ar chaighdeáin cothaithe bhia. Cinnteoidh sé go bhfuil gach eagraíocht chuí lena n-áirítear Ranna Rialtais, CNRP agus scoileanna srl ar an eolas maidir lena róil agus lena bhfreagrachtaí maidir le bia i scoileanna agus go bhfuil pleananna i bhfeidhm chun cothú feabhsaithe a sheachadadh dár leanaí scoile.

(4) LEITHCHEAL MÍCHUMAIS

4.1 An ndéanann an beartas/cinneadh dímholadh ar dhaoine faoi mhíchumas maidir le páirt a ghlacadh i saol an phobail nó an dteipeann air dearcadh dearfach a chur chun cinn maidir le daoine faoi mhíchumas?

Ní dhéanann.

4.2 An bhfuil deis ann chun dearcadh dearfach a chur chun cinn ar bhealach níos fearr maidir le daoine faoi mhíchumas nó chun iad a spreagadh chun a bheith rannpháirteach i saol an phobail trí athruithe a dhéanamh ar an mbeartas/ cinneadh nó trí bhearta breise a thabhairt isteach?

Níl.

4.3 Déan cur síos ar na sonraí a bhaileoidh tú sa todhchaí chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeacht an bheartais/chinnidh maidir leis na dualgais míchumais?

Bailítear faisnéis faoi dhaltaí faoi mhíchumas mar chuid den Áireamh Béilí Scoile bliantúil. Ina theannta sin, cuireann an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna aiseolas ar fáil ar thorthaí a cigireachtaí maidir le cur chuige ginearálta scoileanna ó thaobh bia sláintiúil a chur chun cinn.

(5) GNÉITHE UM CHEARTA AN DUINE

5.1 An bhfuil tionchar ag an mbeartas/cinneadh ar Chearta an Duine d'aon duine? [COMHLÁNAIGH AN TÁBLA THÍOS LE DO THOIL]

AIRTEAGAL	TIONCHAR DEARFACH	TIONCHAR DIÚLTACH = cur isteach ar nó srian ar chearta an duine	TIONCHAR NEODRACH
Article 2 – Right to life			✓
Article 3 – Right to freedom from torture, inhuman or degrading treatment or punishment			✓
Article 4 – Right to freedom from slavery, servitude & forced or compulsory labour			✓
Article 5 – Right to liberty & security of person			✓
Article 6 – Right to a fair & public trial within a reasonable time			✓
Article 7 – Right to freedom from retrospective criminal law & no punishment without law.			✓
Article 8 – Right to respect for private & family life, home and correspondence.			✓
Article 9 – Right to freedom of thought, conscience & religion			✓
Article 10 – Right to freedom of expression			✓
Article 11 – Right to freedom of assembly & association			✓
Article 12 – Right to marry & found a family			✓
Article 14 – Prohibition of discrimination in the enjoyment of the convention rights			✓
1st protocol Article 1 – Right to a peaceful enjoyment of possessions & protection of property			✓
1st protocol Article 2 – Right of access to education			✓

Má tá an t-éifeacht a d'aithin tú dearfach nó neodrach bog ar aghaidh chuig Ceist 5.3.

5.2 Má tá tionchar dóchúil diúltach aitheanta agat, cé air a mbeidh an tionchar seo agus conas?

Ag an staid seo, molaimid go rachfá i gcomhairle le do bhainisteoir líne chun cinneadh a dhéanamh ar chóir comhairle dlí a lorg agus chun dul i gcomhairle leis an Aonad Comhionannais Treoir agus Comhordaithe chun measúnú a dhéanamh orthu seo a leanas:

- an bhfuil dlí ann a cheadaíonn duit cur isteach ar chearta nó srian a chur orthu
- an bhfuil gá leis an gcur isteach nó srianadh seo agus an bhfuil sé comhréireach
- cén ghníomh a theastódh chun an leibhéal cur isteach nó srianadh a laghdú chun cloí leis an Acht um Chearta an Duine (1998).

5.3 Imlínigh aon ghníomh a d'fhéadfaí a dhéanamh chun feasacht ar chearta an duine a chur chun cinn nó a mhéadú nó chun a chinntiú go gcloítear leis an reachtaíocht maidir leis an mbeartas/cinneadh.

Ba chóir go mbeadh tionchar neodrach ag an mbeartas um Bia i Scoileanna ar chearta daonna. Tá aiste bia sláintiúil, cothrom ríthábhachtach i gcomhair fás agus forbairt leanaí, agus i gcomhair a sláinte agus bhfolláine fad-téarmach. Cabhróidh an beartas seo le baint amach na sprice seo.

Léiríonn taighde freisin go mbíonn claonadh ag leanaí ó chúlra faoi mhíbhuntáiste níos mó bia ina bhfuil go leor saille, salainn agus siúcra, agus níos lú torthaí agus glasraí a ithe ná leanaí ó theaghlaigh níos gustalaí. Cinnteoidh an beartas go leanfaidh na Boird Oideachais agus Leabharlann agus na scoileanna ag spreagadh iad siúd atá i dteideal béilí scoile saor in aisce a fháil, fiúntas a bhaint as seo.

Beartas/Cinneadh Scagtha ag*: _____

(Ceann an Bhrainse)

Dáta: _____

LE COMHLÁNÚ AG AN
TAONAD COMHIONANNAIS TREOIR AGUS COMHORDAITHE

Cáilíocht Dearbhaithe ag:_____ Dáta: _____

Scagadh Amach Aontaithe / Scagadh Amach Gan a Bheith Aontaithe

Tráchtanna: _____

_____

_____

Dáta a cuireadh Rannán/Brainse ar an Eolas: _____

Má Scagadh amach:

Tús an Chomhairliúcháin: _____ Deireadh an Chomhairliúcháin:* _____

Curtha ar an Idirlíon ag: _____ Dáta: _____

Má Scagadh Isteach:

Dáta a eisíodh Measúnacht Tionchair Chomhionannais: _____

* Ní mór 8/12 seachtaine ar a laghad a bheith i gceist leis an tréimhse comhairliúcháin.

Main Groups Relevant to the Section 75 Categories	
Category	**Main Groups**
Religious belief	Protestant; Catholics; people of non-Christian faiths; people of no religious belief
Political opinion	Unionists generally; Nationalists generally; members/ supporters of any political party
Racial Goup	White people, Chinese; Irish Travellers; Indians; Pakistanis; Bangladeshis; Black Africans; Black Caribbean people; people with mixed ethnic group
"Men and women generally"	Men (including boys); women (including girls); trans-gendered people
Marital status	Married people; unmarried people; divorced or separated people; widowed people
Age	For most purposes, the main categories are: children under 18, people aged between 18-65, and people over 65. However, the definition of age groups will need to be sensitive to the policy under consideration
"Persons with a disability"	Disability is defined as: A physical or mental impairment, which has a substantial and long-term adverse effect on a person's ability to carry out normal day-to-day activities as defined in Sections 1 and 2 and Schedules 1 and 2 of the Disability Discriminations Act 1995
"Persons with dependants"	Persons with personal responsibility for the care of a child; persons with personal responsibility for the care of a person
Sexual orientation	Heterosexuals; bi-sexuals; gays; lesbians

Seol cóip den Fhoirm Scagtha comhlánaithe ar aghaidh chuig:

An tAonad Comhionannais Treoir agus Comhordaithe
Seomra G2, Teach Ráth Gael
Fo-líne 59686/59472
equality@deni.gov.uk

Comhionannas Agus Cearta Daonna
Teimpléad Scagtha

BEARTAS UM BIA I SCOILEANNA